

Ceimic


Treoir don Dalta GCE

Má tá sé beartaithe agat A-leibhéal a dhéanamh sa Cheimic, is dócha go bhfuil a lán ceisteanna agat.

An treoir seo, cuideoidh sí leat cuid de na ceisteanna sin a fhreagairt, agus spreagfaidh sí thú le smaoineamh go dáiríre ar staidéar a dhéanamh ar an Cheimic i ndiaidh GCSE.

Is minic a deirtear faoin cheimic gurb í ‘an eolaíocht lárnach’ í, mar go gceanglaíonn sí na heolaíochtaí uilig eile le chéile; b’fhéidir go dtuigeann tú seo cheana féin ón chúrsa GCSE a rinne tú.

Tógann Ceimic ag GCE ar an eolas a fuair tú ag GCSE agus ligeann sí duit scileanna a fhorbairt a chuideoidh leat i réimsí éagsúla. Léigh leat agus gheobhaidh tú amach cá mhéad atá le gnóthú as an ábhar seo.



Cad chuige a ndéanfá staidéar ar an Cheimic?

Tá tuiscint agus cur i bhfeidhm na ceimice bunriachtanach sa tsaol nua-aimseartha againn. Gach rud a úsáideann tú ar bhonn laethúil, is ceimiceoir a d’fhorbair é. De réir mar a fhorbraíonn an saol nua-aimseartha níos mó, ní mór dúinn dóigheanna úra a aimsiú le bia a chur ar fáil do dhaonra an domhain, atá ag méadú i rith an ama, agus acmhainní fuinnimh an domhain a bhainistiú.

Tá freagraí na gceisteanna móra seo ag an cheimic. Má dhéanann tú staidéar ar GCE sa Cheimic, ligfidh sin duit foghlaim faoi theicneolaíochtaí úra atá á bhforbairt. Tríd an chúrsa beidh tú ag tógáil ar an eolas ón GCSE agus beidh tú ag forbairt tuiscint níos doimhne ar an adamh agus ar na hairíonna agus an anailís a bhaineann le substaintí éagsúla. Chomh maith leis sin, beidh tú ag forbairt do scileanna praiticiúla agus an cumas atá agat bheith ag obair le daoine eile agus beidh tusa agus do phiaraí ag déanamh sintéise agus anailíse ar a lán substaintí difriúla.

Le staidéar a dhéanamh ar GCE sa Cheimic, bíonn díograis, dúthracht agus aird ar na mionsonraí de dhíth ort - cáilíochtaí a bhfuil an-tóir ag fostóirí orthu. Is beag an t-iontas go mbíonn A-leibhéal sa Cheimic ag oscailt doirse ar a lán roghanna gairme atá thar a bheith leathan agus éagsúil, roghanna gairme a mbeidh plé orthu thíos sa treoir seo.

Má tá spéis agat sa tsaol thart timpeall ort, más maith leat fadhbanna a réiteach agus má bhain tú sult as an staidéar atá déanta agat ar an Cheimic go dtí seo, léigh leat lena fháil amach cá háit a dtig leat dul le A-leibhéal sa Cheimic.

Cad é air a ndéanfaidh mé staidéar?

Aonad	Réimsí Staidéir
AS 1	Bunchoincheapa sa Cheimic Fhísiceach agus Neamhorgánach
AS 2	Ceimic Bhreise Fhísiceach agus Neamhorgánach agus Réamheolas ar an Cheimic Orgánach
AS 3	Buncheimic Phraiticiúil
A2 1	Ceimic Bhreise Fhísiceach agus Orgánach
A2 2	An Cheimic Anailiseach, Miotail Thrasdultacha, An Leictriceimic agus Ceimic Orgánach Nítrigine
A2 3	Ceimic Bhreise Phraiticiúil

Cad é mar a dhéanfar measúnú orm?

Aonad	Cur Síos ar an Mheasúnú	Ualú
AS 1	Scrúdú seachtrach scríofa 1 uair 30 nóiméad Ceisteanna ilroghnacha agus struchtúrtha	40% de AS 16% den A-leibhéal
AS 2	Scrúdú seachtrach scríofa 1 uair 30 nóiméad Ceisteanna ilroghnacha agus struchtúrtha	40% de AS 16% den A-leibhéal
AS 3	Leabhrán praiticiúil A – déanta sa tsaotharlann 1 uair 15 nóiméad Leabhrán praiticiúil B – déanta sa halla scrúdúcháin 1 uair 15 nóiméad	20% de AS 8% den A-leibhéal
A2 1	Scrúdú seachtrach scríofa 2 uair an chloig Ceisteanna ilroghnacha agus struchtúrtha	40% de A2 24% den A-leibhéal
A2 2	Scrúdú seachtrach scríofa 2 uair an chloig Ceisteanna ilroghnacha agus struchtúrtha	40% de A2 24% den A-leibhéal
A2 3	Leabhrán praiticiúil A – déanta sa tsaotharlann 1 uair 15 nóiméad Leabhrán praiticiúil B – déanta sa halla scrúdúcháin 1 uair 15 nóiméad	20% de A2 12% den A-leibhéal

Cad é a thig liom a dhéanamh le cáilíocht sa Cheimic?

Cáilíocht GCE sa Cheimic, ligfidh sé duit scileanna thar a bheith tábachtach a fhorbairt – mar shampla scileanna anailíseacha, obair a dhéanamh mar chuid d'fhoireann agus fadhbanna a réiteach. Beidh aitheantas agat mar dhuine a d'oibrigh go dúthrachtach leis an cháilíocht a fháil.

Osclaíonn an cheimic na doirse chuig a lán gairmeacha éagsúla; tá seo amhlaidh cionn is go bhfuil tacar scileanna chomh leathan sin de dhíth leis an ábhar seo a dhéanamh. Tá a lán suíomhanna gréasáin ann a shonraíonn na roghanna gairme atá ar fáil. Tá an ceann seo a leanas, ó Chumann Ríoga na Ceimice, thar a bheith maith: www.rsc.org/careers/future/what-jobs-can-i-do

Tá an t-ádh dearg linn fosta i dTuaisceart Éireann go bhfuil roghanna ardoideachais ar dóigh againn. Mar shampla: www.qub.ac.uk/schools/SchoolofChemistryandChemicalEngineering
www.science.ulster.ac.uk
www.belfastmet.ac.uk
Na Coláistí Réigiúnacha

Le GCE sa Cheimic, beidh a lán roghanna agat staidéar breise a dhéanamh ar an ábhar, sin nó le staidéar a dhéanamh ar réimse atá bainteach leis an Cheimic. Cuid mhór de na gairmeacha, bíonn siad bunaithe sa tsaotharlann ach tá líon mór ann nach bhfuil. Tá a lán comhairle mhaith faoi ghairmeacha sa Cheimic ar an tsuíomh gréasáin seo: www.futuremorph.org/14-16/next-steps/follow-your-favourite-subject/careers-from-chemistry

Mar fhocal scoir, thig leis an Cheimic duine a chur i dtreo ceann de na tionsclaíochtaí is mó atá ann; an innealtóireacht cheimiceach. Seo a leanas suíomh gréasáin atá thar a bheith úsáideach le níos mó eolais a fháil ar an innealtóireacht cheimiceach: www.whynotchemeng.com

Le tuilleadh eolais a fháil, tabhair cuairt ar **Shuíomh Gréasáin CCEA** leis an tacaíocht agus na nuashonrúcháin is úrnua a fháil don ábhar seo.

